



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Átha Cliath

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

SCÉIM TEANGA

2017 - 2020

Clár na nÁbhar

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	3
1.3 Dáta tosaithe na Scéime	3
Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	4
2.1 Misean agus Cuspóirí.....	4
2.2 Príomhfheidhmeanna	4
2.3 Príomhsheirbhísí	5
2.4 Custaiméirí agus Cliant.....	10
Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach.....	11
Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge.....	24
Caibidil 5: Inniúlacht sa Ghaeilge a Fheabhsú.....	27
5.1 Earcaíocht	27
5.2 Oiliúint agus Forbairt	27
Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	29
Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....	30
Aguisíní.....	31
1. Plean Straitéiseach Choláiste na Tríonóide, 2014-2019.....	32
2. Polasaí Gaeilge Choláiste na Tríonóide (a faomhadh Eanáir 2016).....	32

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh atá ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta atá i gceist an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar **Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath** ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo, faoi réir srianta airgeadais.

Tá mar aidhm leis an Tríú Scéim seo cur leis an dul chun cinn atá déanta de bharr na scéimeanna a bhí ann cheana maidir le seirbhísí a sholáthar sa dá theanga. Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

Dáta tosaithe na Scéime

Dhaingnigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta an Scéim seo ar an **01 Meitheamh 2017**. Tosaíonn sí le héifeacht ón dáta seo agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

2.1 Misean agus Cuspóirí

Bunaíodh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sa bhliain 1592 le cairt ollscoile ón mBanríon Eilís I agus nuair a cheadaigh Bardas Bhaile Átha Cliath láithreán lena aghaidh.

Is mó fás agus forbairt atá déanta ag Coláiste na Tríonóide in imeacht na gcéadta bliain i dtreo is gur ollscoil nua-aimseartha anois í, agus 17,511 mac léinn cláraithe ann in 2016, mar aon le 3,083 ball foirne. Tá an coláiste ar cheann d'ollscoileanna móra an domhain a aithnítear as feabhas a chuid céimithe, an seasamh idirnáisiúnta atá aige i réimse an taighde agus na scoláireachta, agus an bhéim a chuireann sé ar bheith ag cur le sochaí na hÉireann agus an domhain mhóir.

Leagtar amach i bPlean Straitéiseach Choláiste na Tríonóide 2014-2019 an Fhís agus an Misean seo a leanas don Choláiste:

Fís

Inár gcáil mar ollscoil lena ngabhann tábhacht dhomhanda, beidh eolas orainn de bharr a chumasú do na mic léinn barr a gcumais a bhaint amach agus de bharr taighde agus scoláireachta a théann chun tairbhe d'Éirinn agus don domhan.

Misean

Soláthraimid timpeallacht liobrálach ina dtugtar ardmheas ar shaoirse smaointeoireachta agus ina spreagtar do gach duine barr a gcumais a bhaint amach.

Cruthóimid pobal mac léinn níos ilchineálaí ná riamh, agus oideachas sainiúil atá bunaithe ar shármhaitheas acadúil agus eispéireas claochlaitheach á soláthar do na mic léinn.

Rachaimid i mbun taighde ceannródaíochta i ngach disciplín, agus forbairt réimsí nua idirdhisciplíneacha á spreagadh agus tionchar catalaíoch á imirt ar nualaíocht áitiúil agus ar dhéileáil le dúshlán dhomhanda.

Rachaimid go muiníneach i mbun gníomhaíochtaí trína gcuirtear sochaí iolrach, chóir, inbhuanaithe chun cinn.

Maidir leis an nGaeilge, tá sé ráite i **bPlean Straitéiseach Choláiste na Tríonóide 2014-2019** go bhfuilimid tiomanta don Ghaeilge mar ghné lárnach de shaol an choláiste agus mar ghné luachmhar d'éagsúlacht an choláiste.

Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt i gcomhair úsáid agus chur chun cinn na Gaeilge agus de sheirbhísí Gaeilge a fheabhsú, trí

- Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus ár gcuid scéimeanna Gaeilge féin a chur i bhfeidhm
- méadú a dhéanamh ar an líon imeachtaí poiblí Gaeilge a eagraítear ar an gcampas agus feasacht ar sheirbhísí agus ar imeachtaí Gaeilge Choláiste na Tríonóide a mhéadú
- oiliúint Ghaeilge a éascú don fhoireann ar fad san ollscoil, méadú a dhéanamh ar an líon ball foirne a fhaigheann cáilíocht an Teastais Eorpaigh sa Ghaeilge, agus forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí cruthaitheacha le heagraíochtaí Gaeilge.

Cuirtear an tiomantas seo in iúl freisin i bPolasaí Gaeilge an Choláiste, a faomhadh i mí Eanáir 2016

2.2 Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna Choláiste na Tríonóide ná oideachas a sholáthar agus taighde a dhéanamh, agus an tacaíocht a theastaíonn chuige sin a chur ar fáil.

2.3 Príomhsheirbhísí

An príomhsheirbhís a chuireann Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar fáil ná oideachas agus taighde.

Roinntear an Coláiste ina thrí dhámh: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta; Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta; agus Dámh na nEolaíochtaí Sláinte. Bíonn Déan i gceannas ar gach dámh.

Cúrsaí Fochéime

Ceithre bliana a mhaireann formhór na gcúrsaí fochéime. 'Junior Freshers' a thugtar ar fhochéimithe **na chéad bhliana i mBéarla**; 'Senior Freshers' ar lucht an dara bliain; 'Junior Sophisters' ar lucht an tríú bliain; agus 'Senior Sophisters' ar lucht an cheathrú bliain. Is iondúil go mbíonn mic léinn incháilithe chun céim onóracha a bhaint amach tar éis ceithre bliana e.g. Baitsiléar Ealaíon (BA). I gcásanna eisceachtúla (agus i gcás roinnt ábhar gairmiúil amhail leigheas agus innealtóireacht), féadfar gnáthchéim (seachas céim onóracha) a bhronnadh ar dhuine tar éis trí bliana staidéir.

Cúrsa Iarchéime

Ag an leibhéal iarchéime, tairgtear réimse cúrsaí múinte agus taighde sna dámha go léir. Tuairim agus 29% de mhic léinn atá i mbun staidéir ag leibhéal na hiarchéime.

Anuas ar na cúrsaí céime acadúla atá sa Choláiste, is féidir cáilíochtaí dioplóma iarchéime (cúrsaí nach cúrsaí céime iad) a bhaint amach, go díreach tríd an gColáiste nó trí institiúidí gaolmhara.

Cúrsaí Seachtracha

Cuireann Coláiste na Tríonóide réimse cúrsaí seachtracha ar fáil i ndisciplíní éagsúla.

Is í Leabharlann Choláiste na Tríonóide an leabharlann is mó in Éirinn. Tá na lámhscríbhinní agus na leabhair chlóite atá ann á mbailiú ó dheireadh an séú haois déag ar aghaidh. Anuas ar an méid atá ceannaithe agus tugtha mar thabhartas, tá de cheart ag an Leabharlann, ón mbliain 1801, éileamh a dhéanamh ar an uile leabhar a foilsíodh sa Bhreatain agus in Éirinn faoi théarmaí Achtanna Cóipchirt a tháinig i ndiaidh a chéile. Tá níos mó ná 6 mhiliún imleabhar clóite i Leabharlann Choláiste na Tríonóide, ina measc bailiúcháin mhóra irisleabhar, lámhscríbhinní, léarscáileanna agus ceoil, a léiríonn breis agus 400 bliain d'fhorbairt acadúil. Tá trí ról ag an Leabharlann. Tacaíonn an Leabharlann le riachtanais foghlama agus taighde i ndisciplíní uile an Choláiste, trína cuid seirbhísí tacaíochta léitheoireachta, iasachta, múinteoireachta agus taighde; is leabharlann mhór taighde í a bhfuil cáil uirthi go hidirnáisiúnta; cuirtear seirbhísí ar fáil inti do réimse leathan úsáideoirí agus institiúidí seachtracha; cuireann sí le forbairt tionscnamh cruthaitheach a bhaineann le soláthar eolais inti agus meallann na taispeántais lámhscríbhinní agus na seoda eile atá le feiceáil inti na céadta míle le cuairt a thabhairt ar an tSeanleabharlann gach aon bhliain.

Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide

Ón mbliain 1993 i leith, tá Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) ina gcuid lárnach de phlean an Choláiste daoine óga, daoine fásta agus mionlaigh eitneacha a bhaineann le grúpaí socheacnamaíochta a bhfuil tearcionadaíocht acu san ardoideachaas, a ghríosadh chun dul ar an ollscoil.

Cuireann TAP réimse tacaíochtaí ar fáil do mhic léinn, do theaghlaigh agus do phobail de thairbhe TAP agus cuirtear ar a gcumas a gcuid spriocanna oideachais a aithint agus a chomhlíonadh dá mbarr.

Is iad na cláir TAP:

1. Naisc For-Rochtana Scoile agus Pobail (SCOL)
2. Bealach Rochtana an Ardoideachais (HEAR)
3. Cúrsaí Rochtana Ollscoile:
 - Bonnchúrsa Ardoideachais TAP - Daoine Fásta Óga
 - Bonnchúrsa Ardoideachais TAP - Mic Léinn Lánfhásta
 - Na Cúrsaí Comhpháirtíochta Rochtana san Ollscoil: TCD agus Bord Oideachais agus Oilíúna Chathair Bhaile Átha Cliath (CDETb)
4. An Clár um Dhul Chun Cinn Iar-Iontrála
5. Ciall Cheannaithe: Meastóireacht agus Taighde ar TAP

Taighde

Bíonn na príomhdhisciplíní acadúla uile ag plé le taighde. Tá Institiúidí Taighde de chuid TCD sna réimsí seo a leanas: An tIonad Taighde ar Nanastruchtúir agus ar Nainfhearais Oiriúnaitheacha (CRANN); An Institiúid do Léann Imeachta Idirnáisiúnta (IIS); Mol an tSeomra Fhada (LRH); Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (TBSI) agus Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide (TCIN). Lena chois sin, tá consortia taighde-threoraithe agus grúpaí taighde idir-institiúideacha i réimsí ar nós taighde teileachumarsáide agus slabhra luacha, comhtháthú idirnáisiúnta, míochaine mhóilíneach, inimirce, agus forbairt idirnáisiúnta. Tá Coláiste na Tríonóide ar thús cadhnaíochta maidir le cuid mhaith mórstaidéar fadaimseartha náisiúnta, lena n-áirítear taighde ar leanaí agus ar dhul in aois. Tá breis agus 30 ionad taighde ann, lena n-áirítear Lárionad Léann na nInscní agus na mBan, An Institiúid Náisiúnta um Míchumas Intleachta (NIID) agus Ionad Taighde Ealaín na hÉireann (TRIARC).

Oifig na gCaighdeán

Féachann foireann Oifig na gCaighdeán le himeachtaí feabhsaithe caighdeán a chur chun cinn agus a éascú ar bhonn leanúnach i ndisciplíní acadúla an Choláiste. Is iad feidhmeanna Oifig na gCaighdeán: tacú le forbairt pholasaithe agus nósanna imeachta an Choláiste maidir le dearbhú agus feabhas caighdeán acadúla, agus próiseas athbhreithnithe caighdeán an Choláiste a fhorbairt, a chothabháil, agus a mheas, agus rannpháirtíocht Choláiste na Tríonóide sa dearbhú caighdeán ar leibhéal earnála ollscoile a éascú.

An Lárionad um Chleachtas Acadúla agus Foghlaim na Mac Léinn (CAPSL)

Bunaíodh CAPSL in 2003 chun cabhrú leis an gColáiste creat láidir comhtháite a fhorbairt d'fhonn tacú le deachleachtas acadúil agus leis an gcaighdeán foghlama is airde a bhaint amach.

Seirbhísí Riaracháin

Tagann struchtúr riaracháin Choláiste na Tríonóide leis an réimse leathan gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh chun an lear mór imeachtaí a bhíonn ar siúl in ollscoil chomh mór leis a bhainistiú. Eagraítear seirbhísí riaracháin faoi na ceithre Réimse Riaracháin agus Tacaíochta seo: Stiúrthóireacht an Phropaist, Rannóg na Seirbhísí Acadúla, Rannóg na Seirbhísí Airgeadais agus Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha. Tá eolas ar phríomhsheirbhísí riaracháin an Choláiste thíos.

Príomhoifigí/Príomhréimsí	Achoimre ar an tSeirbhís a chuirtear ar fáil
Seirbhísí Iostais agus Lónadóireachta	Seirbhísí lóistín do mhic léinn, do bhaill foirne agus do chuairoteoirí, bia agus deochanna, bainistí agus áiseanna comhdhála
Cláraitheoir na Seomraí	Déanann Cláraitheoir na Seomraí lóistín cónaitheach do mhic léinn ar an gcampas a leithdháileadh
Clárlann Acadúil	Cuireann an Chlárlann Acadúil seirbhísí riaracháin acadúil lárnacha ar fáil ar feadh shaolré na mac léinn. Chomh maith le seirbhísí a chur ar fáil, tacaíonn an Chlárlann Acadúil le forbairt ar bheartas acadúil agus lena chur i bhfeidhm. Cuimsíonn sé seo Iarratais agus Iontrálacha (Fochéimithe, Iarchéimithe agus lucht Rochtana), Airgeadas Mac Léinn (in éineacht le Rannóg na Seirbhísí Airgeadais), Bainistíocht Clárúcháin agus Taifead, Staidéar Iarchéime, Amchlárú Léachtaí, Scrúduithe agus Measúnuithe
Clárlann Acadúil - feidhmeanna a bhaineann le hIontrálacha Idirnáisiúnta agus Staidéar a Dhéanamh Thar Lear	Freastalaíonn ar mhic léinn coigríche a bhfuil fonn orthu staidéar a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide agus cabhraíonn le mic léinn an Choláiste ar mian leo staidéar a dhéanamh thar lear faoi chlár Erasmus nó faoi chlár malairte eile
Forbairt agus Alumni	Caidrimh Alumni, i gcomhar le Fondúireacht Choláiste na Tríonóide
An tSeirbhís Gairmthreorach	Comhairle agus eolas do mhic léinn agus do chéimithe i dtaobh cúrsaí gairme
Naíolann an Choláiste	Tugtar aire anseo do leanaí ó aois 3 mhí go 4½ bliana d'aois
Seirbhísí Sláinte an Choláiste	Príomhchúram sláinte a chur ar fáil ar an gcampas do na mic léinn lánaimseartha go léir. Díritear freisin ar ghnéithe síceolaíochta agus ceirde de shláinte na mac léinn, chomh maith le hoideachas sláinte. Cuirtear seirbhísí sláinte ar fáil do bhaill foirne ar bhonn táille in aghaidh an tseisiúin
An tSéiplíneacht	Seirbhísí agus acmhainní séiplíneachta do mhic léinn agus do bhaill foirne a bhaineann leis na heaglaisí Críostaí agus le traidisiúin chreidimh eile
Aonad Ioncaim Tráchtála	Féachann an tAonad Ioncaim Tráchtála le deiseanna nua a aithint chun cur leis an méid a dhéanann an Coláiste mar chuid dá mhisean acadúil i réimse na múinteoireachta agus an taighde. Is é an misean atá aige ná a bheith ina fhoireann cheannródaíoch nuálaíochta, ag baint leasa as foinsí ioncaim, idir fhoinsí atá ann cheana agus fhoinsí nua, agus á mbrú chun cinn mar chuid de mhisean Choláiste na Tríonóide a bheith ina champas atá dírithe ar mhic léinn agus go mbeidh sé ina ollscoil dhomhanda den scoth a dtarraingeoidh turasóirí as an uile chearn uirthi.

Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáid	Tá an Oifig Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáide freagrach as straitéis gnóthaí poiblí agus cumarsáide na hOllscoile a fhorbairt agus a bhainistiú agus as seirbhís tacaíochta agus comhairle a chur ar fáil do bhaill foirne. Tá idir chumarsáid inmheánach agus sheachtrach i gceist leis an obair a dhéantar ann, caidrimh leis na meáin, cur le cáil na hollscoile, plé le bealaí meán sóisialta agus láithreán gréasáin Choláiste na Tríonóide, bainistíocht imeachtaí, idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara, agus foilseacháin chorparáideacha a tháirgeadh.
Oifig na nEastát agus na Saoráidí	Tógáil agus obair chothabhála atá le déanamh taobh istigh den Choláiste a phleanáil agus a chomhordú, bainistiú a dhéanamh ar sheirbhísí malartáin agus poist, agus ar cheisteanna a bhaineann le workplace health, safety and welfare issues
An tSeirbhís Míchumais	Comhairle, tacaíocht agus eolas a thabhairt do mhic léinn agus do bhaill foirne atá faoi mhíchumas
An Oifig Fiosrúchán	Seirbhís fiosrúchán a chur ar fáil do bhaill foirne, do mhic léinn agus do chuariteoirí agus lárchórais áirithintí seomra an Choláiste a oibriú.
An Oifig Comhionannais	Cinntíonn go bhfuil meas ar mhic léinn agus ar bhaill foirne agus nach ndéantar leithcheal orthu agus iad i mbun staidéir, ag obair agus ag meascadh lena chéile
An Oifig Comhlíonta Faisnéise	Cuidíonn leis an gColáiste cloí lena chuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na hAchtanna Cosanta Sonraí agus na hAchtanna Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar
Iniúchadh Inmheánach	Tacaíonn leis an gCoiste Iniúchta, a thugann comhairle maidir le conas atá ag éirí leis an gColáiste bunriosca airgeadais agus oibríochta a bhainistiú, éifeachtacht na smachtuithe inmheánacha a mheas agus breithmheas a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le luach ar airgead
Oifig na Mac Léinn Lánfhásta	Féachann Oifig na Mac Léinn Lánfhásta, atá mar chuid de TAP, le tacú le mic léinn lánfhásta a bheith páirteach i saol an Choláiste agus spreagann iad sin a dhéanamh. Mar bharr ar chomhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn lánfhásta, bíonn Oifigeach na Mac Léinn Lánfhásta i mbun idirchaidreamh seachtrach le Boird Oideachais agus Oiliúna i mBaile Átha Cliath, i réigiúin na Teorann, Láir-Tíre agus an Iarthair chun Coláiste na Tríonóide a fhógairt, chun na deiseanna atá ar fáil d'fhoghlaimoirí lánfhásta a leagan amach agus chun cuidiú leis an bpróiseas iarratais. Bíonn

	tacaíocht duine ar dhuine ar fáil freisin d'iaratasóirí. Féach www.tcd.ie/maturestudents
Oifig an Leas-Uachtaráin do Chaidreamh Domhanda	Bunaíodh an oifig seo mar chuid den straitéis Caidrimh Dhomhanda. Is é is aidhm léi líon na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú, go háirithe mic léinn as tíortha taobh amuigh den Aontas Eorpach, eispéireas oideachais na mac léinn a fheabhsú, caidreamh domhanda a chothú, comhoibriú taighde idirnáisiúnta a neartú san áireamh; agus ceangal a dhéanamh le halumni Choláiste na Tríonóide ar fud an domhain, ag tabhairt ugach d'alumni tacú le misean na hollscoile agus ioncam daonchairdis na hollscoile a mhéadú.
Oifig an Phríomhoifigigh Oibríochta	Bíonn an Príomhoifigeach Oibríochta (COO) i bhfeighil ar fhorbairt agus ar bhainistíocht fhoriomlán na Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
Oifigeach na Gaeilge	féach lgh 16 thíos
Seirbhísí Taighde agus Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide	Tacaíonn lucht Seirbhísí Taighde agus Nuálaíochta le haischuir nuálaíochta a eascraíonn as cláir thaighde an Choláiste a thabhairt i gcrích agus a chosaint, agus tairbhe a bhaint astu.
Oifig an Phropaist	Tugann tacaíocht don Phropast a chuid dualgas a chomhlíonadh mar Phríomhoifigeach an Choláiste. Feidhmíonn sí mar idirghabhálaí idir an Coláiste agus an pobal, ag cothú dea-chaidrimh le ranna rialtais, gníomhaireachtaí maoiniúcháin agus páirtithe leasmhara fíorthábhachtacha eile taobh amuigh den Choláiste. Éascaíonn sí cuairteanna ar an gColáiste ag toscaireachtaí agus piardaí idirnáisiúnta agus tugann comhairle maidir le ceisteanna prótacail. Idirghníomhaíonn sí leis an Seansailéir agus leis na Leas-Seansailéirí i dtaobh ceisteanna Ollscoile
Oifig an Rúnaí	Tugann tacaíocht riaracháin don <u>Bhord</u> agus don Chomhairle, cinntíonn go bhfuiltear ag cloí leis an reachtaíocht ábhartha go léir, próiseálann ceisteanna dlí a dhéanann difear don Choláiste. Tá sí freagrach as Comhionannas, Comhlíonadh Faisnéise agus seirbhísí Gaeilge atá bainteach leis an Oifig seo. Lena chois sin, tugann sí tacaíocht riaracháin do Chláraitheoir an Choláiste agus do Bhailiúchán Ealaíne an Choláiste.
Spórt agus Áineas	Cuirtear áiseanna spóirt ar fáil chun freastal ar dhaoine aonair agus ar an 50 club spóirt atá sa Choláiste. Riarann Lárchumann Lúthchleas Ollscoil Átha Cliath (DUCAC) na clubanna spóirt sa Choláiste

Acmhainní Daonna	Cuireann seirbhísí ar fáil don choláiste agus d'fhoireann an choláiste i ndáil le hearcú ball foirne, ardú céime, caidreamh idir baill foirne, párolla, polasaithe agus nósanna imeachta. Cuireann seirbhísí forbartha agus oiliúna foirne ar fáil ag tacú leis an bplean straitéiseach trí theacht ar réitigh dírithe oiliúna agus forbartha chun tacú le cur i gcrích na gcuspóirí ráite
Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn	Seirbhís chomhairleoireachta ó shíceolaithe agus ó oibrithe sóisialta cáilithe atá ar fáil do gach mac léinn cláraithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Seirbhís na nOidí	Seirbhís rúnda tacaíochta do na fochéimithe ar fad i dtaobh an uile ghné de shaol an Choláiste. Cuireann lucht na seirbhíse Comhairleoireachta d'larchéimithe seirbhís dá leithéid ar fáil do mhic léinn iarchéime
Rannóg Seirbhísí Airgeadais	Bainistíocht airgeadais i ngach réimse de ghníomhaíochtaí an Choláiste, seirbhísí maidir le cuntais iníoctha, baincéireacht, soláthar, cáin, cuntasáocht taighde agus forbairt córas faisnéise airgeadais.
Seirbhísí TF	Comhairle, seirbhísí tacaíochta agus cothabhála a chur ar fáil do mhic léinn agus do bhaill foirne an Choláiste i ndáil leis na ceisteanna go léir a bhaineann le córais teicneolaíochta faisnéise
Oifig an Ghréasáin	Dearadh amhairc agus seirbhísí forbartha tosaigh a sholáthar do shuíomhanna gréasáin an Choláiste i ngach réimse i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

2.4 Custaiméirí agus Cliant

Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta a chinntiú go bhfaigheann mic léinn eispéireas oideachais den scoth agus go múintear dóibh scileanna saoil a ligfidh dóibh barr a gcumais a bhaint amach mar dhaoine agus mar shaoránaigh ghníomhacha. Cuirimid romhainn timpeallacht a chur ar fáil don fhoireann ar fad ina bhfaigheann siad tacaíocht agus deis páirt a ghlacadh i saol an Choláiste, áit ar féidir le baill foirne sásamh a bhaint as a gcuid oibre agus cur le misean an Choláiste.

Is mór ag Coláiste na Tríonóide an fháilte a chuirtear roimh chuariteoirí ann agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal, agus tá an-tábhacht leis an gcaidreamh atá ag an gColáiste le daoine aonair agus le heagrais a chuireann seirbhísí ar fáil don Choláiste agus dá phobal.

Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

Sonraí Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

Tá forbairt leanúnach á dhéanamh ar sheirbhísí Gaeilge i gColáiste na Tríonóide sa tréimhse ó tugadh an chéad dá scéim Gaeilge isteach. Léirítear sin sa líon ard daoine atá ag déanamh ranganna Gaeilge dá ndeoin féin, ardchaighdeán na n-imeachtaí cultúir agus comhoibrithe (go mór mór i rith bhliain chomórtha 2016) agus an t-aitheantas poiblí a tugadh dár dtionscnaimh Ghaeilge nuair a bhain an Cumann Gaelach an chéad duais i gcomórtas Ghlór na nGael in 2012, 2013, 2014 agus 2016, agus arís in 2015 nuair a ainmníodh Coláiste na Tríonóide ar cheann d'iomaitheoirí bhabhta deiridh Ghradam Gnó na Gaeilge sna Gradaim Mhargaíochta Uile-Éireann a eagraíonn Institiúid Margaíochta na hÉireann.

Tá Ráiteas foirmeálta Pholasaí Gaeilge an Choláiste i bhfeidhm anois agus cheadaigh an Bord é i mí Eanáir 2016.

Tá lógó dátheangach tugtha isteach ag Coláiste na Tríonóide a úsáidtear go himheánach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Aithnítear láithreach Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, tríd an lógó seo, lena n-áirítear ainm an Choláiste i nGaeilge, agus is rud é a chuireann an Ghaeilge chun cinn ní hamháin go náisiúnta ach go hidirnáisiúnta.

Ainm na Seirbhíse	I mBéarla amháin	I nGaeilge amháin	Go dátheangach
** IS I mBÉARLA A SHOLÁTHRAÍTEAR SEIRBHÍSÍ EILE UILE AN CHOLÁISTE, SEACHAS IAD SIN A LUAITEAR THÍOS	X		
<u>Cúrsa Iarchéime</u> Tá dhá chúrsa múinte iarchéime forbartha i ndisciplín na Gaeilge (Disciplín na Gaeilge), an Diplóma sa tSean-Ghaeilge agus an M.Phil sa Luath-Ghaeilge. Níl a leithéid de chúrsaí áit ar bith eile in Éirinn ná, go deimhin, ar domhan, sa mhéid is go gcuirtear béim iontu ar Ghaeilge na meánaoise, murab ionann agus cúrsa ina bhféachtar ar shibhialtacht na gCeilteach trí bhíthin an aistriúcháin. Is é is aidhm leis an Diplóma scoláirí a bhaineann le disciplíní eile a oiliúint le buntuisicint a fháil ar an tSean-Ghaeilge d'fhonn a chur ar a gcumas dul ar aghaidh go dtí an MPhil., áit a bhfaighidh siad na scileanna chun dul i ngleic le lámhscríbhinní Ghaeilge na meánaoise, i.e. bun-lámhscríbhinní a léamh atá ar coimeád, mar shampla, i Leabharlann Choláiste na Tríonóide, mar aon leo siúd atá in Acadamh Ríoga na hÉireann agus i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Is údar mór bróid d'fhoireann an disciplín an Diplóma agus an MPhil. De thairbhe na gcúrsaí iarchéime seo, a mhaireann bliain, is féidir le mic léinn idirnáisiúnta agus mic léinn	X		

Éireannacha araon máistreacht a fháil ar na scileanna a theastaíonn chun obair a dhéanamh sa réimse seo. Ar an ábhar sin, tá tábhacht leis na cúrsaí seo ó thaobh Léann Éireannach na Meánaoise go ginearálta agus sílimid go bhfuil siad fíorthábhachtach do Choláiste na Tríonóide, a bhfuil lear mór lámhscríbhinní fágtha faoina chúram, leanúint leis an traidisiún fada atá sa choláiste daoine a chur faoi oiliúint i réimse Ghaeilge na meánaoise d'fhonn a chur ar chumas scoláirí oidhreacht na lámhscríbhinní a roinnt le muintir na hÉireann.

Ainm na Seirbhíse	I mBéarla amháin	I nGaeilge amháin	Go dátheangach
<p><u>Seirbhísí d'Fhochéimithe - Disciplín na Gaeilge</u></p> <p>Luath-Ghaeilge Cúrsa ceithre bliana is ea an cúrsa sa Luath-Ghaeilge, áit a múintear teanga agus litríocht na meánaoise in Éirinn. Is fada an t-ábhar seo a bheith á thairiscint sa choláiste agus scoláirí ceannródaíocha tagtha ar an bhfód dá bharr. Fágann an cúrsa ceithre bliana gur féidir staidéar níos doimhne a dhéanamh ar an réimse ábhair seo i gColáiste na Tríonóide le hais mar is féidir in ollscoileanna eile sa tír, agus de bharr go bhfuil forbairt déanta ar an gcúrsa sa Léann Éireannach ann, baineann sé an brú de lucht na Luath-Ghaeilge léann sibhialtacht na gCeilteach a tharraingt orthu féin, réimse léinn atá roghnaithe ag ollscoileanna eile. Fágann an méid sin go ndírítear ar ábhar a léamh sa bhunteanga ar an gcúrsa seo. Toisc go múintear an cúrsa seo trí mheán an Bhéarla, is minic a mhealltar daoine ón gcoigríoch chuige, go háirithe daoine ón Eoraip, a thagann chun an choláiste ar feadh bliana nó ar feadh téarma. Is féidir staidéar a dhéanamh ar an Luath-Ghaeilge agus an Nua-Ghaeilge in éineacht mar chuid de chúrsa Onóra Aonábhair, agus ar na hábhair seo a leanas faoin gcóras Modhnóireachta Dhá Ábhar: Stair, Stair na hEalaíne agus na hAiltireachta, Sibhialtachtaí na nGiúdach agus na nIoslamach, Laidin, Reiligiúin an Domhain agus Diagacht.</p> <p>Nua-Ghaeilge Déantar staidéar ar litríocht thréimhse iomlán na Nua-Ghaeilge (ón mbliain 1200 go dtí an lá inniu) sa chúrsa seo agus oiltear mic léinn chun líofacht a bhaint amach i labhairt agus i scríobh na Nua-Ghaeilge. Níl aon chúrsa Nua-Ghaeilge eile a thugann an áit lárnach chéanna ina gcúrsa don Ghàidhlig agus do litríocht na Gàidhlig. Cabhraíonn an cúrsa seo, a mhúintear den chuid is mó le teangacha nua-aimseartha eile ar an gclár Modhnóireachta Dhá</p>	<p>X</p>	<p>X</p>	<p>X</p>

<p>Ábhar, le daoine iad féin a oiliúint le bheith ina múinteoirí agus ina n-iriseoirí sna meáin chlóite agus ar an raidió/teilifís. Is féidir staidéar a dhéanamh ar an Nua-Ghaeilge in éineacht leis na hábhair eile seo sa chlár Modhnóireachta Dhá Ábhar: An tSibhialtacht Chlasaiceach, Léann na Drámaíochta, Litríocht an Bhéarla, Léann na Scannánaíochta, Fraincis, Gearmáinis, Stair, Iodáilis, Sibhialtachtaí na nGiúdach agus na nIoslamach, Laidin, Ceol, Fealsúnacht, Rúisis, Socheolaíocht, Spáinnis, Reiligiúin an Domhain agus Diagacht.</p>			
<p>Ainm na Seirbhíse</p>	<p>I mBéarla amháin</p>	<p>I nGaeilge amháin</p>	<p>Go dátheangach</p>
<p>Mic Léinn Idirnáisiúnta - Disciplín na Gaeilge</p> <p>Tá cúrsa Gaeilge agus Litríochta á thairiscint le blianta fada anois. Cúrsa é seo atá dírithe ar mhic léinn idirnáisiúnta a fhreastalaíonn ar an gcoláiste ar feadh bliana. Tá an-tóir ag mic léinn as Meiriceá ar an gcúrsa seo agus freastalaíonn go leor daoine as an Eoraip air freisin; daoine atá ag déanamh Erasmus. Cuimsítear sa réimse cúrsaí a thairgtear: an Rúraíocht agus an Fhiannaíocht, cur síos ar stair theangeolaíochta na Gaeilge, filíocht na Nua-Ghaeilge Luath (na Gaeilge Clasaicí), Béaloideas, agus dhá chúrsa ar litríocht na Nua-Ghaeilge. Faigheann foireann an disciplín aiseolas an-dearfach ó na mic léinn seo agus measaimid go bhfuil tábhacht leis an gcúrsa ó thaobh na tuisceana a fhaigheann duine ar chultúr na hÉireann agus ar ghaiscí cultúir na tíre. Tá súil againn go mbeidh an méid sin mar bhonn do thuairimí na mac léinn ar an tír agus iad níos sine. Os a choinne sin, cuireann na mic léinn leis an disciplín iad féin sa mhéid agus go roinneann siad dearcadh agus léargas iomlán difriúil linn ar an litríocht faoina mbíonn siad ag léamh agus ag scríobh.</p> <p>Tá cúrsa Gaeilge do Thosaitheoirí mar chuid den chúrsa seo agus bíonn an-tóir ag na mic léinn air sin freisin. Is i Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr atá Disciplín na Gaeilge agus na Teangacha Ceilteacha lonnaithe, agus líon maith mac léinn ann. Fágann an méid sin gurb é an áit is mó sa Choláiste a labhraítear Gaeilge ann, agus oifig Rúnaí an Disciplín mar chroí-lár ann, duine ar féidir le mic léinn dul chuige/chuici ar bhonn rialta.</p>			<p>X</p>
<p>Sa chás go dtiocfadh moltaí chun cinn sa Choláiste chun cur le réimse na seirbhísí acadúla a thairgtear i nDisciplín na Gaeilge, féachfaidh foireann an Disciplín sin le machnamh a dhéanamh ar aon tograí a dhéantar agus le bheith báúil leo, ach aon impleachtaí ag a leithéid do líon na mball foirne a thabhairt san áireamh.</p>			

An Lárionad Léinn Teanga agus Cumarsáide (CLCS)

Cuirtear ranganna Gaeilge ar fáil sa Lárionad Léinn Teanga agus Cumarsáide mar chuid de chlár na Modúl Teanga. Ag brath ar rialacháin chreidiúna, féadfaidh mic léinn fochéime staidéar a dhéanamh ar mhodúl Gaeilge ar mhaithe le creidiúint a fháil, nó mar rogha sheach-churaclaim (atá ar fáil do mhic léinn iarchéime chomh maith). Múineadh an Ghaeilge ag leibhéil A2, B1 agus B2 (de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha). Tá an curaclam bunaithe ar shraith tionscadal grúpa a bhfuil gnéithe de scríobh agus de labhairt na teanga ag baint leo. Múintear é go príomha trí mheán na Gaeilge agus baintear leas as ábhar dílis Gaeilge mar thaca aige.

Tá cúrsa sa Dátheangachas agus i gCothú na Gaeilge ar fáil freisin. I measc tionscnamh eile, ghlac ball foirne páirt mar PI (Príomhthaighdeoir) i dtionscadal taighde a mhaoinigh Foras na Gaeilge chun uirlisí anótála corpais a fheabhsú/fhorbairt don Ghaeilge lena n-úsáid i bhFoclóir nua Béarla-Gaeilge an Fhorais.

Tá acmhainní teicneolaíochta urlabhra agus teangeolaíochta á bhforbairt tríd an tionscadal nuálaíoch **ABAIR**, atá lonnaithe i Saotharlann Foghraíochta agus Urlabhra an CLCS. Tá sé á mhaoiniú faoi láthair ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, agus roimhe seo, mhaoinigh Clár Interreg an AE agus Foras na Gaeilge é nuair a tháinig sé ar an bhfód. Forbraíodh córais sintéise téacs go teanga i nGaeilge Dhún na nGall, i nGaeilge Chonamara agus i nGaeilge na Mumhan, agus tá siad seo ar fáil ar an láithreán gréasáin www.abair.ie. Tá sé i gceist againn áiseanna dá leithéid a chur ar fáil i mionchanúintí na Gaeilge chomh maith óir d'fhéadfadh go gcabhródh sé seo lena gcaomhnú.

Tá lear mór cainteoirí, foghlaimeoirí agus múinteoirí ag úsáid www.abair.ie agus is mór an chabhair é dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh d'Éirinn a bhfuil fonn orthu eolas a chur ar fhoghraíocht na teanga. Is as tíortha eile seachas Éire leath na ndaoine a úsáideann an láithreán, agus cuid mhaith Meiriceánach ina measc.

Tá tábhacht ar leith le hacmhainní ABAIR ó thaobh teacht a bheith ag daoine faoi mhíchumas orthu, agus ó thaobh feidhmchláir urlabhra oideachais a fhorbairt. I dtionscadal eile atá á dhéanamh sa tsaotharlann, **CabairE**, a bhfuil baint aige le ABAIR, tá uirlis shintéise litearthachta á forbairt a chuideoidh le Daisy Books a fhorbairt i nGaeilge do dhaoine a bhfuil lagú radhairc orthu, i gcomhar le hIonad Braille na hÉireann i nDroim Conrach. Is í an

X

X

X

X

Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) a mhaoiníonn an obair seo. Tá an tSaotharlann Foghraíochta agus Urlabhra i mbun taighde ar chórais iontonaithe na gcanúintí freisin, arb í an Chomhairle um Thaighde sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta a mhaoinigh na céimeanna luatha den taighde.			
Tá modúl nua “An Ghaeilge mar Mheán Teagaisc” á chur ar fáil mar rogha ar an MPhil sa Teangeolaíocht Fheidhmeach agus mar rogha sa Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas. Is modúl é seo atá á chur ar fáil CLCS, Disciplín na Gaeilge agus Scoil an Oideachais i gcomhar lena chéile. Tá an modúl seo á mhúineadh trí Ghaeilge.		X	
Scoil an Oideachais Tá méid áirithe cúrsaí Gaeilge á gcur ar fáil taobh istigh de Scoil an Oideachais. Sa chás go mbíonn maoirseoirí ar fáil, féadfaidh mic léinn gabháil do thascanna, socrúcháin cleachtadh múinteoireachta, tráchtas nó scrúduithe trí Ghaeilge. Is i nGaeilge atá cuid de na cláir léinn seo a leanas: PME (Meánscolaíocht) agus MEd. I gcomhar lenár gColáiste Oideachais comhlach, Institiúid Oideachais Marino, tá cúrsaí Gaeilge ar fáil mar chuid de na cláir léinn seo a leanas: BEd (Bunscolaíocht) and PME (Bunscolaíocht).		X	
Ainm na Seirbhíse	I mBéarla amháin	I nGaeilge amháin	Go dátheangach
Seirbhísí Gaeilge sa Leabharlann Cuirtear turas den Leabharlann ar fáil i nGaeilge do gach mac léinn nua le linn Sheachtain na Chéad Bhliana. Buailtear leis na mic léinn tar éis an chéad seisiúin plé ar an nGaeilge agus ar na teangacha Ceilteacha agus tugtar timpeall na Leabharlainne iad ina dhiaidh sin, áit a dtaispeántar dóibh na hacmhainní atá riachtanach dá gcúrsaí féin. Ón mbliain 2005 amach, tá cúrsa ar leithligh, <i>Bunoiúint Scileanna Eolais agus Acmhainní Ábhair don Ghaeilge, i gcló agus ar líne</i> , curtha i dtoll a chéile agus múineann baill foirne sa leabharlann an cúrsa seo mar léacht/cheardlann trí mheán na Gaeilge, i rith Sheachtain na Chéad Bhliana agus i gcaitheamh na bliana féin. Is cúrsa é seo a d'iarr foireann DhisCIPLÍN na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha. Déantar turais Ghaeilge de Leabharlanna BLU agus Hamilton a sceidealú i Seachtain na Chéad Bhliana agus a thairiscint d'aon		X X X	

<p>ghrúpa nó d'aon duine a bhaineann leis an gColáiste, cibé acu mic léinn le Gaeilge nó le hábhair eile atá i gceist. Is féidir le grúpaí nó le daoine atá bainteach leis an gColáiste turas a thabhairt timpeall an dá leabharlann seo ag aon am den bhliain ach é a iarraidh.</p> <p>Cuireann Leabharlannaí na Sealbhúchán litir i nGaeilge chuig na foilsitheoirí Gaeilge ar fad, ag míniú ceisteanna a bhaineann le Taisce Dhlíthiúil agus ról cartlainne na Leabharlainne. Ó am go chéile, cuirtear litir i nGaeilge chuig na foilsitheoirí Gaeilge nach bhfuil mír curtha i dtaisce acu fós leis an Leabharlann, ag meabhrú dóibh go bhfuil dualgas orthu déanamh amhlaidh faoin Acht Cópchirt.</p>		X	
<p>Is é Coiste na Gaeilge Coiste Gaeilge an Choláiste. Cuireann an Coiste comhairle ar an mBord agus ar an gComhairle i dtaobh ceisteanna Gaeilge, lena n-áirítear reachtaíocht agus polasaithe, agus déanann athbhreithniú ar chlár agus ar acmhainní an Oifigh Gaeilge. Tá ionadaíocht ag réimsí éagsúla sa Choláiste ar an gCoiste. Ardaíodh stádas an Choiste agus rinneadh Coiste den Bhord de in 2010.</p>		X	
<p>Tá dualgas ar an Oifigeach Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn mar chuid de shaol an Choláiste, comhairle a thabhairt maidir le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh, agus maidir le scéimeanna cónaithe na mac léinn atá ar an gcampas agus i Halla na Tríonóide i nDartraí a riar.</p> <p>Tuairiscíonn an tOifigeach Gaeilge chuig Aturnae an Choláiste agus, ar deireadh thiar, chuig Rúnaí an Choláiste agus feidhmíonn mar Rúnaí do Choiste na Gaeilge. Oibríonn an tOifigeach Gaeilge go dlúth leis an gCumann Gaelach agus le heagrais eile mac léinn. Feidhmíonn sé/sí mar oifigeach preasa leis na meáin Ghaeilge i dtaobh ceisteanna Gaeilge a thagann faoi scáth a (h)oifige.</p>		X	
<p>Déantar seirbhísí aistriúcháin a chomhordú trí oifig na Gaeilge. Pléann an tOifigeach Gaeilge le hiarratais aistriúcháin ó bhaill foirne agus ó ranna sa Choláiste, a éiríonn as oibleagáidí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.</p>		X	
<p style="text-align: center;">Ainm na Seirbhíse</p>	<p>I mBéarla amháin</p>	<p>I nGaeilge amháin</p>	<p>Go dátheangach</p>
<p>Aontaíonn Oifig an Rúnaí agus an Oifig Comhionannais Prótacail Inmheánacha agus cuireann i bhfeidhm iad chun déileáil le fiosrúcháin i nGaeilge. Tá prótacal i bhfeidhm freisin leis an Oifig</p>			X

Comhlíonta Faisnéise chun déileáil le hiarratais Saorála Faisnéise i nGaeilge.			
Tá córais oiriúnacha i bhfeidhm chun foireann an tseomra poist a chomhairliú maidir le cinntiú go seolfar comhfhreagras poist Gaeilge (a sheoltar chuig an gcoláiste nó ón gcoláiste nó taobh istigh den choláiste) chuig an áit cheart nó an duine ceart.			X
Is sa dá theanga a bhíonn an teachtaireacht uathoibríoch ríomhphoist a sheoltar nuair atá leabha(i)r le tabhairt ar ais ag duine nó má tá duine déanach ag tabhairt leabha(i)r ar ais.			X
Tá áis uathoibríthe iasachta leabhar sa Leabharlann atá sa dá theanga - Fastlane.			X
Is féidir ainmneacha agus logainmneacha a thaifead, a thaispeáint nó a chló i gceachtar den dá theanga oifigiúil sna córais phoiblí a úsáidtear go coitianta sna Seomraí Ríomhaireachta Rochtana Poiblí dá dtugann Seirbhísí Córas Faisnéise Choláiste na Tríonóide tacaíocht, de réir mhianta an té a bhíonn á n-úsáid.			X
Is féidir na córais a fhorbraítear go coitianta agus a dtugann Seirbhísí Córas Faisnéise Choláiste na Tríonóide tacaíocht dóibh a úsáid i nGaeilge agus i mBéarla e.g. ríomhphost, córais oifige, uirlisí foilsitheoireachta gréasáin. Is féidir tacaíocht a fháil chun pacáistí Gaeilge a aimsiú (litreoirí, uirlisí profléitheoireachta) ach í a iarraidh.			X
Tá leagan Gaeilge de chatalóg Clasaiceach na Leabharlainne ann chun leabhair a chuardach, áit a bhfuil comhéadan cuardaigh (agus téacs tacaíochta) trínar féidir taifid uile na Leabharlainne sa phríomhchatalóg ar líne a chuardach.		X	
Bíonn brandáil dhátheangach, nuair is féidir, ar chomhéadain úsáideora na mbunachar sonraí a cheannaíonn an Leabharlann.			X
Ainm na Seirbhíse	I mBéarla amháin	I nGaeilge amháin	Go dátheangach
Eisítear 20 preasráiteas sa dá theanga gach bliain. Tá rochtain neamhspleách ar chartlann na bpreasráiteas Gaeilge.		X	X
Baintear úsáid as Lógó dátheangach an Choláiste go forleathan, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear chun críocha brandála. Baintear úsáid as an leagan Gaeilge san uile ábhar bolscaireachta a bhaineann le cúrsaí Gaeilge.		X	X

Tá liosta urlabhraithe a bhfuil ar a gcumas labhairt thar ceann an Choláiste leis na meáin Ghaeilge ar leathanach gréasáin ar shuíomh gréasáin na hOifige Cumarsáide.		X	
Ach a n-aontaítear é leis an lucht bainistíochta logánta, agus sa chás go mbaineann sé le spriocanna forbartha na foirne, cuidíonn an Coláiste le baill foirne freastal ar chúrsaí Gaeilge sa chás go bhfuil oiliúint dá leithéid ábhartha don tseirbhís a chuireann siad ar fáil agus iad i mbun a gcuid oibre.			
Bíonn an Coláiste airdeallach ina pholasaí earcaíochta ar na gealltanais sa scéim seo i leith seirbhísí dátheangacha.			
Eisítear Plean Straitéiseach an Choláiste sa dá theanga.			X
Déantar Réamheolaire Achomair ina bhfuil buneolas ar an gColáiste agus ar chúrsaí an Choláiste a chur ar fáil i nGaeilge.		X	
Tá Treoir Achomair i dtaobh Seirbhísí Mac Léinn (arna comhordú trí Dhéan na Mac Léinn agus trí Oifig na Gaeilge) ar fáil i nGaeilge, i gcomhar le hOifig an Oide Shinsearaigh, an tSeirbhís do Dhaoine faoi Mhíchumas, an tSeirbhís Gairmthreorach, Spórt agus Áineas, agus Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn.		X	
Eisíonn Oifig na Gaeilge bróisiúr dar teideal “TCD agus an Ghaeilge” gach bliain agus eolas ann ar an nGaeilge sa Choláiste, ar ranganna, ar reachtaíocht agus ar an Scéim Teanga.		X	
Cuireann foireann na Leabharlainne bileog/treoir tionscnaimh do mhic léinn ar fáil i nGaeilge.		X	
Tá ainm nuachtlitir na foirne “Scéala an Choláiste/Listings” sa dá theanga agus bíonn ábhar Gaeilge ann gach seachtain.			X
Bíonn leathanach Gaeilge, “An Ghaeilge” , i bhFéilire an Choláiste, áit a bhfuil buneolas ar an nGaeilge sa Choláiste agus eolas teagmhála Láithreán Gréasáin/teileafóin.	X		
Tá lógó/ainm an Choláiste, teideal an leabhráin agus Réamhrá an leabhráin sa dá theanga sa Leabhrán ar Chúrsaí Seachtracha .			X
Ainm na Seirbhíse	I mBéarla amháin	I nGaeilge amháin	Go dátheangach
Is sa dá theanga a eisítear an litir a chuirtear chuig gairmchomhairleoirí agus múinteoirí gairmthreorach a mbíonn Eolaire Fochéime an Choláiste faoi iamh inti agus a dháiltear ar mheánscoileanna uile oileán na hÉireann.			X

Ag an gclárú, eisítear Téarmaí agus Coinníollacha do gach mac léinn i mBéarla agus i nGaeilge.			X
Tá gach cárta aitheantais mic léinn sa dá theanga.			X
Tá gach cárta gnó de chuid an Choláiste sa dá theanga.			X
Tá beirt den fhoireann in Oifig an Rúnaí in ann déileáil le fiosrúcháin a dhéanann daoine ar an láthair nó ar an teilefón i nGaeilge agus is féidir leo tacaíocht a thabhairt don Oifig Fiosrúcháin.			X
I Leabharlann Berkeley agus i Leabharlann Hamilton, tá painéal ann a chuireann seirbhísí ar fáil i nGaeilge ag na príomh-Dheasca lasachta, idir 9am agus 3.30pm, agus a dhéileáil le fiosrúcháin a dhéantar i nGaeilge ag Fáiltiú/Deasc Eolais na Leabharlainne.		X	
Is cainteoir líofa Gaeilge í Preasoifigeach an Choláiste.		X	
Cuirtear turais Tionscnaimh den Leabharlann ar fáil i nGaeilge le linn Sheachtain na Chéad Bhliana, ach iad a shocrú.		X	
Cuireann an tSeirbhís Gairmthreorach gairmeacha Gaeilge chun cinn i measc na mac léinn, i gcomhar le “Gairmeacha le Gaeilge”, agus go hinmheánach i gcomhar le hOifig na Gaeilge agus le Disciplín na Gaeilge.			X
Tugann an fhoireann fáiltithe/malartáin ainm an Choláiste i nGaeilge agus i mBéarla agus tá eolas acu ar bheannachtaí na Gaeilge. Tá socruithe oiriúnacha i bhfeidhm ionas gur féidir leo baill den phobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá i gceist a sholáthar trí Ghaeilge, nuair a bhíonn an tseirbhís sin ar fáil trí Ghaeilge.			X
Tá baill foirne san Oifig Fiosrúcháin ábalta beannú do dhaoine i nGaeilge agus fiosrúcháin a chur ar aghaidh, nó glacadh le sonraí teagmhála duine agus gealltanais a thabhairt go dtiocfaidh cainteoir ar ais chuige/chuici taobh istigh de thréimhse ama réasúnta. Cuireann an oifig seo bróisiúr ar fáil i nGaeilge ina bhfuil buneolas ar an nGaeilge sa Choláiste agus sonraí teagmhála.			X
Is féidir turas a dhéanamh ar thaispeántas Leabhar Cheanannais i nGaeilge ach é a iarraidh.		X	
Ainm na Seirbhíse	I mBéarla amháin	I nGaeilge amháin	Go dátheangach

<p>Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta leathanach gréasáin Gaeilge a chur ar fáil ar an mbarrleibhéal ar láithreáin ghréasáin na nDámh, na Scoileanna, na nDisciplíní agus na n-oifigí riaracháin, ar a mbeidh buneolas ar ról, ar fheidhmeanna agus ar sheirbhísí na réimsí atá i gceist agus, i gcásanna áirithe, roinnt eolais bhreise. Tá an socrú seo curtha i bhfeidhm i dtaca le líon mór láithreán gréasáin acadúil agus riaracháin a bhaineann leis an gColáiste (féach https://www.tcd.ie/gaeloifig/seirbhisi.php#greasan) .</p>		X	
<p>Tá láithreán gréasáin achomair ar leith ag suíomh gréasáin na Leabharlainne i nGaeilge ar féidir teacht air ó phríomhleathanach baile na Leabharlainne, ar a bhfuil eolas ar ról agus ar sheirbhísí na bpríomhréimsí Leabharlainne, lena n-áirítear Leabharlanna agus Bailiúcháin, Seirbhísí agus Áiseanna, Cabhair agus Oiliúint, an tSeanleabharlann agus Leabhar Ceanannais. Féach www.tcd.ie/library/index.ga.php</p>		X	
<p>Tá leagan Gaeilge den Fhoirm Iarratais Saorála Faisnéise ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige Comhlíonta Faisnéise.</p>		X	
<p>Is féidir an fhoirm iarratais do Chiste na nAmharcealaíon agus na dTaibh-Ealaíon a fháil sa dá theanga ar líne ó láithreán gréasáin Oifig an Phropaist.</p>			X
<p>Seomra na Gaeilge Is áis de chuid an Choláiste é Seomra na Gaeilge, mar a mbuaileann Gaeilgeoirí lena chéile chun comhrá a dhéanamh lena chéile. Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta, ach fianaise a bheith ann go leantar ag baint dóthain úsáide as, Seomra na Gaeilge a chur ar fáil.</p>		X	
<p>An Cumann Gaelach Tá an Ghaeilge i gcroílár an tsaoil chultúrtha agus shóisialta ar an gcampas. Glacann suas le 1,000 duine ballraíocht sa Chumann Gaelach gach bliain. Eagraíonn an Cumann imeachtaí díospóireachta, sóisialta agus cultúrtha, agus gach bliain, eagraítear féile Gaeilge, <i>Éigse na Tríonóide</i> i gcomhar le hOifig na Gaeilge, a bhíonn ar siúl ar an gcampas. Déantar freastal ar mhic léinn agus ar bhaill foirne sna himeachtaí a eagraítear. Féach www.cumann.ie</p>		X	
<p>Cúrsaí GaeilgeTá ranganna deonacha Gaeilge saor in aisce ar fáil dóibh siúd ar mian leo freastal orthu. Bíonn siad ar siúl gach seachtain do mhic léinn agus do bhaill foirne araon, lena n-áirítear baill foirne atá ar scor. Tá a lán ball foirne agus mac léinn tar éis clárú do na cúrsaí seo gach bliain ó 2009 ar aghaidh. I mí Dheireadh Fómhair 2016, chláraigh breis agus 280 ball de phobal an Choláiste do na cúrsaí seo. Ba cheart a thabhairt chun cuimhne go bhfuil líon suntasach ball foirne agus mac léinn ann a fuair a gcuid oideachais i dTuaisceart Éireann nó taobh amuigh d'oileán na</p>		X	

hÉireann, agus nach raibh aon Ghaeilge ar scoil acu dá bharr. Tá baint thábhachtach leis na cúrsaí teanga deonacha le feacht teanga agus cumas teanga a ardú sa ghrúpa seo.			
Imeachtaí Eagraíonn Oifig na Gaeilge sraitheanna léachtaí, seimineáir agus imeachtaí sóisialta ó am go ham. Eagraítear turas foirne Gaeilge uair sa bhliain. Cuirtear seirbhísí Eaglasta ar fáil i nGaeilge gach bliain le linn Éigse na Tríonóide. Cruinníonn Gaeilgeoirí le chéile gach seachtain i mBialann an Choláiste, An Bhutrach, ag díriú go príomha ar bhaill foirne agus ar phobal na Gaeilge trí chéile.		X	X
Ainm na Seirbhíse	I mBéarla amháin	I nGaeilge amháin	Go dátheangach
Na Meáin Shóisialta Bhí breis agus 1,132 lucht leanúna ag leathanach Facebook Oifig na Gaeilge i mí na Nollag 2016, agus bhí breis agus 2,022 lucht leanúna ag an leathanach Twitter.		X	
Aontas na Mac Léinn Tá Oifigeach Gaeilge ar Choiste Feidhmeach Aontas na Mac Léinn chun an teanga a chur chun cinn in imeachtaí an Aontais.		X	
Naisc sheachtracha agus alumni Cothaíonn an tOifigeach Gaeilge caidreamh le pobal agus le heagraíochtaí na Gaeilge taobh amuigh den Choláiste mar chuid de thiomantas Choláiste na Tríonóide idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal trí chéile, agus comhoibríonn sé le Fondúireacht na Tríonóide chun na spriocanna seo a bhaint amach.			X
Sa chás go n-iarrann mic léinn oide le Gaeilge, féachann Oifig an Oide Shinsearaigh lena sásamh i dtreo is go mbeidh dóthain oidí ann atá inniúil ar an nGaeilge agus a bheidh sásta comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil sa teanga sa réimse ábhair cuí.		X	
Is go dátheangach a eisítear gach cárta aitheantais foirne nua agus gach cárta aitheantais atá á aischur.			X
Tá Oifig na Gaeilge agus Oifig an Leas-Uachtaráin do Chaidreamh Domhanda ag breathnú ar na féidearthachtaí comhoibrithe atá ann cur le heispéreas na mac léinn idirnáisiúnta a thagann chuig an gColáiste, trí eolas a roinnt leo ar an nGaeilge agus ar chultúr na hÉireann.			X

Tá Turas Ealaíne dátheangach de Bhailiúcháin Ealaíne an Choláiste forbartha ag Oifig na Gaeilge, turas a nglacann mic léinn na Scéime Cónaithe Gaeilge páirt ann. Cuirtear dhá thuras ar fáil i rith na bliana acadúla, ceann amháin i rith sheachtain Scéim Fruilthe Ealaíne an Choláiste (Téarma na Féile Michíl) agus an ceann eile le linn Éigse na Tríonóide (Téarma na Féile Bríde).		X	
Féadfaidh cuairteoirí a thagann chuig an Leabharlann chun léamh a dhéanamh cur isteach ar Thicéad Léitheoirí i nGaeilge nó i mBéarla, ach dul chuig láithreán gréasáin na Leabharlainne.		X	
Is i nGaeilge agus i mBéarla a bhíonn gnáth-théacs thicéid na gCuirteoirí Fadtéarmacha.			X
Cinntíonn Coláiste na Tríonóide go mbíonn fógraí i nGaeilge ar na meáin shóisialta a bhaineann le himeachtaí Gaeilge agus le nuacht Gaeilge, agus cuirtear naisc chuig preasráitis Ghaeilge ar fáil.		X	
Cinntíonn Coláiste na Tríonóide go mbíonn 5% den ábhar a chuirtear ar chlár fógraí leictreonacha an Choláiste sa dá theanga.			X
Coimeádtar liosta de na baill foirne atá sásta a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge ar láithreán gréasáin Oifig na Gaeilge.		X	
Tugtar ainm urlabhraí Gaeilge do na Meáin Ghaeilge nuair a eisítear preasráiteas i nGaeilge, má bhíonn a leithéid ar fáil.		X	
I nGaeilge a labhraítear ar dtús agus fáilte á cur roimh dhaoine ag searmanais bhronnta céimeanna.			X
Beidh leagan Gaeilge ar fáil den leabhrán a scaipfear ar dhaoine ag searmanais bhronnta céimeanna (a bhíonn as Laidin de ghnáth), ach é a iarraidh ar na baill foirne a bheidh ar dualgas ag an searmanas.		X	
Beidh aistriúchán clóite Gaeilge d'óráid an Chláraitheora ag searmanais bhronnta céimeanna ar fáil i nGaeilge ach é a iarraidh ar an bhfoireann.		X	
Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta cuirí clóite Coláiste a eisiúint i mBéarla agus i nGaeilge.			X
Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta do pholasaí go mbeidh gach síniú caighdeánach i ríomhphost de chuid an Choláiste sa dá theanga. Má tá ball foirne sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, cuirtear sin in iúl leis an abairt “Fáilte romhat do ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge liom.”			X
Tá eolas i dtaobh na Gaeilge maidir le comhlíonadh dlí, an áit atá aici i saol an Choláiste (de réir Reachтана na hOllscoile agus sa			X

Phlean Straitéiseach) agus na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil sa Choláiste san áireamh sa phacáiste eolais earcaithe do bhaill foirne nua.			
Tá eolas den chineál céanna ar fáil ar láithreán gréasáin lucht Acmhainní Daonna faoin teideal “Nua sa Choláiste/Eolas Ginearálta”, do bhaill foirne nua.			X
Cuirtear baill foirne ar an eolas faoi na hacmhainní seo ag Seisiúin Ionduchtaithe Foirne.			X
Scéimeanna cónaithe Bíonn Scéim Cónaithe Gaeilge ann ar an gcampas d’fhochéimithe nach bhfuil sa chéad bhliain, i gcomhar le Coiste na Gaeilge agus leis an Oifigeach Gaeilge. Táthar ag súil leis go mairfidh sé seo fad a bheidh an Scéim Teanga ann, ach an méid sin a bheith aontaithe idir Cláraitheoir na Seomraí, foireann na hOifige Iostais agus Oifig na Gaeilge. Aontaítear socruithe lonnaíochta gach bliain. Roghnaítear na mic léinn a ghlacann páirt sa Scéim trí phróiseas iomaíoch, agus faigheann siad deontas ó Choiste na Gaeilge, ach coinníollacha ar leith a chomhlíonadh.		X	
Ar an gcaoi chéanna, isdo mhic léinn an Choláiste a ritear Scéim Cónaithe Gaeilge i Halla na Tríonóide, i gcomhar le Coiste na Gaeilge agus leis an Oifigeach Gaeilge. Táthar ag súil leis go mairfidh sí seo fad a bheidh an Scéim Teanga ann, ach an méid sin a bheith aontaithe idir Maor Halla na Tríonóide, foireann na hOifige Iostais agus Oifig na Gaeilge. Táthar ag súil go gcuirfear dhá áit déag ar fáil do mhic léinn na chéad bhliana agus sé áit do mhic léinn ón dara bliain. Roghnófar an 18 mac léinn trí phróiseas iomaíoch agus gheobhaidh siad deontas ó Choiste na Gaeilge, ach a sásóidh siad coinníollacha áirithe.		X	
Cuirtear mic léinn eile de chuid Halla na Tríonóide a léiríonn suim sa Ghaeilge i mbloc tithe ainmnithe nuair is féidir.		X	
Ar an líon iomlán mac léinn a ghlacann páirt i scéimeanna cónaithe Gaeilge Choláiste na Tríonóide in aon bhliain ar leith, cuirtear suas le 5 áit ar leataobh do mhic léinn a ghlac páirt sna scéimeanna cheana.		X	
Glacann mic léinn na Scéimeanna Cónaithe páirt i dtionscadail a bhaineann le feasacht agus le feiceálacht teanga, imeachtaí sóisialta agus ambasadóireacht chultúrtha le mic léinn idirnáisiúnta. Tá breis agus 200 mac léinn tar éis leas a bhaint as na scéimeanna cónaithe ó cuireadh tús leo.		X	X
Tá tús curtha le clár bliantúil gradam (Gradaim na Gaeilge) chun aitheantas a thabhairt d’éachtaí móra mac léinn agus ball foirne i		X	X

réimsí a bhaineann leis an nGaeilge, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthar.

--	--	--	--

Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.

Modh cumarsáide leis an bpobal		Gealltanais	
Fógraí réamhthairfeadta ó Bhéal		<p>Beidh na fógraí réamhthairfeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:</p> <p>(a) Cuirfear fógraí tairfeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta;</p> <p>(b) Cuirfear fógraí tairfeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach;</p> <p>(c) Cuirfear fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.</p> <p>Tabhair faoi deara gur fógairtí ‘tairfeadta’ seachas fógairtí ‘beo’ a bhaineann le hábhar anseo.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfear an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí tairfeadta ó bhéal a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar ar a shon.</p>	Éigeantach
Cumarsáid i Scríbhinn	Litreacha agus Post Leictreonach	Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní deamhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus filteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
Comharthaí	Comharthaí	Ní mór do na comharthaí uile a chrochann Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath in airde nó a chrochtar in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó sa dá theanga, de réir na rialachán (I.R. Uimh. 391/2008).	Éigeantach

Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	Éigeantach
	Ciorcláin / Cora Poist	I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Seo a leanas liosta na ngníomhartha a dhéanfaidh Coláiste na Tríonóide faoi gach seirbhís.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	Amlíne Faoi dheireadh Bhl.1/ Bhl. 2/ Bhl. 3
Cumarsáid ó Bhéal / Scríbhinn	Seirbhís Duine le Duine/Chuntair	Forbróidh Coláiste na Tríonóide suaitheantas do bhaill foirne agus do mhic léinn ar mian leo a chur in iúl go bhfuil Gaeilge acu agus go bhfuil siad sásta a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Aimseoidh Coláiste na Tríonóide comharthaí iniompraithe deisce Gaeilge le go bhféadfaidh baill foirne iad a thaispeáint ar a gcuid deasc más mian leo sin a dhéanamh, d'fhonn a chur in iúl go bhfuil Gaeilge acu agus go bhfuil siad sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.	2 1
	Bileoga Eolais/Bróisiúir	Cuirfidh Oifig na Gaeilge seirbhís profléitheoireachta ar fáil le haghaidh ábhar de chuid Aontas na Mac Léinn ach an méid sin a bheith iarrtha in am.	1

**Teicneolaíocht
Faisnéise**

	Suíomhanna Gréasáin	Beidh leathanach gréasáin i nGaeilge ar láithreán gréasáin phríomhréimsí na Clárlainne Acadúla faoi dheireadh an tríú bliain den scéim seo.	3
		Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta leathanach breise ar a laghad a chur leis na láithreáin ghréasáin Ghaeilge a bhaineann leis an gColáiste. Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta do cheisteanna a bheith i nGaeilge agus i mBéarla ar an bhFoirm Monatóireachta Comhionannais Earcaíochta, ón 31 Nollaig 2017	3 3 1
	Córais Ríomhaireachta	Tugann an Chlárlann Acadúil deis do mhic léinn earráidí carachtair agus spásála ina n-ainmneacha, a iompórtáiltear tríd an Lár-Chóras Iontrála a cheartú. Lena chois sin, is féidir le duine a ainm a athrú go dtí an leagan Gaeilge ar an gclárlann má tá an cháipéisíocht oifigiúil aige/aici a thacaíonn leis an leagan sin. Oibreoidh foireann Oifig na Gaeilge agus foireann na Clárlainne Acadúla as lámha a chéile chun seirbhís eolais agus prótacal a thabhairt do mhic léinn i ndáil leis (1) na himpleachtaí dlí agus praiticiúla a bhaineann lena n-ainm a athrú go dtí an leagan Gaeilge (nuair atá leagan dá leithéid ann) (2) na nósanna imeachta ar cheart cloí leo i dtaobh an ghnó chéanna. Tá an tseirbhís agus an prótacal seo le bheith i bhfeidhm faoi dheireadh na chéad bhliana den scéim seo.	
	Seirbhísí Idirghníomhacha	Cíorfá ceist an chláraithe ag deireadh chéad bhliain na scéime agus déanfar cinneadh maidir lena indéanta a bheith sé clárú dátheangach a thabhairt isteach.	1
	Logainmneacha Gaeltachta	Úsáidfidh Coláiste na Tríonóide an leagan oifigiúil de logainmneacha atá le fáil ar www.logainm.ie agus gnó oifigiúil á chur i gcrích.	1

Caibidil 5: Inniúlacht sa Ghaeilge a Fheabhsú

5.1 Earcaíocht

Beidh aird ar na forálacha seirbhíse a dhéantar sa Scéim seo i bpolasaí earcaíochta Choláiste na Tríonóide, atá faoi réir ag creat na nósanna imeachta náisiúnta aontaithe earcaíochta, faoi réir srian ar acmhainní.

Cuirfear gach ball foirne nua ar an eolas faoi sheirbhísí Gaeilge agus é nó í á (h)ionduchtú.

5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

Cumas Gaeilge a Fheabhsú	Gealltanais	Amlíne Faoi dheireadh Bhl.1/ Bhl. 2/ Bhl. 3
Oiliúint	<ul style="list-style-type: none"> Glacfar céimeanna chun a chinntiú go mbeidh duine den fhoireann Iostais/Fiosrúchán/Seirbhísí Cuairteoirí in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge faoi dheireadh an tríú bliain den scéim seo. 	3
	<ul style="list-style-type: none"> Glacfar céimeanna chun a chinntiú go mbeidh duine den fhoireann sa Chlárlann Acadúil in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge faoi dheireadh an tríú bliain den scéim seo. 	3
	<ul style="list-style-type: none"> Féachfar an féidir ranganna Gaeilge ar líne a chur ar fáil do bhaill foirne/mhic léinn faoi dheireadh an tríú bliain d'fheidhmiú na scéime seo agus cuirfear ar fáil iad más féidir é agus má bhíonn maoiniú ar fáil. 	3
	<ul style="list-style-type: none"> Tacóidh Coláiste na Tríonóide leis an Oifigeach Gaeilge má bheartaíonn sé/sí sainchúrsaí oiliúna a dhéanamh a rachaidh chun tairbhe dá chuid dualgas sa Choláiste. 	1
	<ul style="list-style-type: none"> Eagróidh Oifig na Gaeilge sainchúrsaí oiliúna intí nuair is cuí chun freastal ar riachtanais oiliúna baill foirne ó thaobh na Gaeilge agus a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil sa dá theanga. 	1
	<ul style="list-style-type: none"> Féachfaidh Coláiste na Tríonóide, trína chuid cúrsaí deonacha Gaeilge, le scileanna a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun gur féidir leo cáilíocht a bhaint amach i dTeastas Eorpach na Gaeilge (TEG) agus cuirfidh sé deontas ar fáil dóibh siúd a dhéanfaidh scrúduithe TEG. 	1
		2

Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a chur ar fáil

- Aithneoidh lucht bainistíochta i réimsí a bhaineann le soláthar seirbhísí i nGaeilge na seirbhísí sin mar chuid d’oiliúint agus d’fhorbairt foirne agus sna próisis measúnaithe foirne.
- Eagrófar imeacht bolscaireachta gach bliain le linn Éigse na Tríonóide chun seirbhísí Gaeilge sa Choláiste a chur chun cinn.
- Cuirfidh Oifig na Gaeilge bróisiúr le chéile gach bliain ina bhfógrófar seirbhísí Gaeilge an Choláiste.
- Cuirfidh foireann Oifig na Gaeilge leis an réimse imeachtaí sóisialta agus foghlama teanga atá ann agus spreagfaidh siad baill foirne le páirt a ghlacadh iontu.
- Féachfar le comhoibriú cruthaitheach a dhéanamh le lucht réimsí acadúla agus riaracháin eile sa Choláiste, le súil is imeachtaí a reáchtáil, i nGaeilge nó sa dá theanga, dóibh siúd a bhfuil suim acu sa Ghaeilge, d’fhonn iad a mhealladh agus a spreagadh.
- Eagróidh an Oifig Comhionannais imeacht nó beidh imeacht acu in éineacht le dream eile, i nGaeilge nó sa dá theanga, i gcomhar le hOifig na Gaeilge gach bliain. Díreofar san imeacht seo ar cheann nó níos mó de na naoi bhforas Comhionannais: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, aois, cine agus eitneachas, creideamh, míchumas nó ballraíocht den Lucht Siúil.
- Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta clár urraíochta a aontú i ngach téarma acadúil leis an gCumann Gaelach, faoi mar a aontóidh Coiste na Gaeilge.
- Eagróidh Coláiste na Tríonóide, i gcomhar leis na hionaid lónadóireachta ar an gcampas, imeacht sóisialta “preab-Ghaeltachta” agus féachfaidh siad lena leithéid a chur ar siúl, ar a laghad, faoi dhó i ngach téarma múinte, ag baint úsáide as dhá ionad lónadóireachta ar a laghad (ach an méid sin a bheith aontaithe)

2
1
2
2
2
1
1

Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh **Grúpa Forfheidhmithe an Achta Teanga (fochoiste de Choiste na Gaeilge)** monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime ar bhonn rialta. Is é an duine ar féidir teagmháil a dhéanamh leis i dtaobh na scéime ná **Aonghus Dwane, an tOifigeach Gaeilge**

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.

Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- mic léinn, baill foirne agus baill den phobal a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeánt ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostú in áit ina mbeidh siad le feiceáil go soiléir ar ár suíomh gréasáin;
- cuirfimid in iúl ar threoirlínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan **Béarla** an leagan oifigiúil den scéim seo.

Aguisíní

- 1. Plean Straitéiseach Choláiste na Tríonóide, 2014-2019**
- 2. Polasaí Gaeilge Choláiste na Tríonóide (a faomhadh i mí Eanáir 2016)**



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Trinity College Dublin

Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

AN TRÍÚ SCÉIM TEANGA- THE THIRD IRISH LANGUAGE SCHEME

AGUISÍNÍ- APPENDICES

1. Plean Straitéiseach an Choláiste 2014-2019

<https://www.tcd.ie/strategy/strategic-plan-201419-print.ga.pdf>

Trinity College Dublin Strategic Plan 2014-2019

<https://www.tcd.ie/strategy/strategic-plan-201419.pdf>

2. Polasaí Gaeilge Choláiste na Tríonóide 2014-2019

<https://www.tcd.ie/about/policies/assets/pdf/polasai-gaeilge-cholaiste-na-trionoide.pdf>

Trinity College Dublin Irish language Policy

<https://www.tcd.ie/about/policies/assets/pdf/tcd-irish-language-policy.pdf>